Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**10774/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0290(NLE)**

**TRANS 260**
**RELEX 827**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15396/24 + ADD 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 524 final; COM(2024) 524 annex |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích comhaontaithe lena leasaítear Comhaontú an 29 Meitheamh 2022 idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar<br>- Glacadh |

1. Fuair an Coimisiún sainordú an 29 Aibreán 2024 chun tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Úcráin chun leasú a dhéanamh ar an gcomhaontú idir an tAontas agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar.

2. An 3 Meitheamh 2024, chuir an Coimisiún a thograí faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin. Ghlac an Chomhairle an cinneadh uaithi maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe an 20 Meitheamh 2024[1]. Síníodh an comhaontú an 20 Meitheamh 2024 agus tá feidhm shealadach aige ón lá sin.

[1] *IO L, 2024/1876, 2.7.2024*

3. An 12 Samhain 2024, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin.

4. Chuir an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa an 18 Nollaig 2024 lena toiliú a fháil.

5. An 17 Meitheamh 2025, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú don Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

6. D'fhonn ullmhú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, i gcuid 'A' den chlár oibre ag cruinniú a bheidh ann amach anseo, an cinneadh maidir le tabhairt i gcrích a ghlacadh, mar atá in 16072/24.

7. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh ón gComhairle i ngach teanga, i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus tarchuirfear an Cinneadh sin chuig an bParlaimint.